# Scilidín

## Seanscéal ón Chorn

Leathanach bán

# **Scilidín**
## Seanscéal ón Chorn

I bhfad ó shin bhí fear darbh ainm Bilí Tremayne ina chónaí i gCorn na Breataine. Bhí Bilí Tremayne pósta agus bhí ceathrar páistí aige féin agus ag a bhean. Bhí Bilí Tremayne agus a bhean agus an ceathrar páistí beaga ina gcónaí i dteach beag ar thaobh cnoic. Bhí an cnoc clúdaithe le carraigeacha agus aiteann agus fraoch. Nuair a bhí Bilí Tremayne ina ghasúr, d'inis a sheanathair dó go raibh prócaí óir amuigh ar an chnoc. Dúirt sé nach raibh a fhios ag aon duine cá raibh an t-ór i bhfolach, ach ag na leipreacháin. Mar sin, is minic a deireadh Bilí Tremayne leis an cheathrar páistí beaga,
"Bígí de shíor ag coimhéad amach do na leipreacháin, agus beirigí ar dhuine acu, má thig libh."
Gach aon lá, chuaigh an ceathrar páistí beaga amach a shúgradh ar an chnoc, agus gach aon lá choimhéad siad amach do na leipreacháin. Dhreap siad na carraigeacha, rith siad idir na toim aitinn agus léim siad thar an fhraoch. Ach leipreachán, ná cuid de leipreachán, ní fhaca siad riamh.
Lá amháin, labhair Bilí Tremayne lena bhean,

"Tá aiteann le baint agam ar an taobh thall den chnoc," ar seisean. Chuir sé air a chufaí leathair aitinn, thóg aníos a scian aitinn agus d'imigh leis, trasna an chnoic.

I rith na maidine, d'oibrigh Bilí Tremayne leis, ag baint an aitinn. Agus nuair a bhí sé ag tarraingt ar an mheán lae, agus é ag smaoineamh go ndéanfadh sé a scíth tháinig sé ar dhos fraoich idir na toim aitinn. Agus ansin, don chéad uair riamh ina shaol, chonaic Bilí Tremayne leipreachán. Bhí sé ina luí ansin sa fhraoch, agus é go domhain ina chodladh. Láithreach, bhain Bilí Tremayne de a chufa aitinn. Thóg sé aníos an leipreachán agus shleamhnaigh sé é, cosa chun tosaigh, isteach sa chufa aitinn. An rud beag bocht, scread sé agus streachail sé, ach ainneoin a dhíchill, ní fhéadfadh sé éalú.

D'imigh Bilí Tremayne ina rith chun an bhaile an méid a bhí ina chnámha. Ach i rith an ama, choinnigh sé greim daingean ar an chufa aitinn sa dóigh nach n-éalódh an leipreachán.

Rith sé isteach i gcistin na feirme. Dhruid sé na doirse agus na fuinneoga. Ansin, thóg sé amach an leipreachán as an chufa aitinn, agus d'fhág síos uaidh ar leac an teallaigh é. Bhí tuilleadh agus a sáith iontais ar bhean Bhilí Tremayne agus ar na páistí.

"Lig amach mé!" a scread an leipreachán.
"Lig ar ais chuig mo Dhaidí agus mo Mhamaí mé!"
Labhair Bilí Tremayne leis an leipreachán,
"Inis dom cá bhfuil na prócaí óir ar an chnoc," ar seisean,
"agus ansin ligfidh mé ar ais chuig do Mhamaí agus do Dhaidí thú."
"Inseoidh mé sin duit," arsa an leipreachán, "má thomhaiseann tú cén t-ainm atá orm."
"Agus fanfaidh tusa anseo go dtí go dtomhaisfidh muid d'ainm," arsa Bilí Tremayne.
Thug bean Bhilí Tremayne cupán beag bainne don leipreachán. Nuair a bhí an bainne ólta aige, dúirt sí leis, "Tomás is ainm duit!"
"Ní hea," arsa an leipreachán, agus chuaigh sé tóin thar ceann le méid a gháirí.
Thug páistí Bhilí Tremayne mias bheag sméara dubha don leipreachán. Nuair a bhí na sméara dubha ite aige, ar siadsan leis, "Seán is ainm duit!"
"Ní hea," arsa an leipreachán, agus chuaigh sé tóin thar ceann faoi dhó le méid a gháirí. Ansin, thug Bilí Tremayne spúnóg mheala don leipreachán. Nuair a bhí an mhil ite ag an leipreachán, arsa Bilí Tremayne leis, "Ciarán is ainm duit!"

"Ní hea," arsa an leipreachán, agus chuaigh sé tóin thar ceann faoi thrí le méid a gháirí.
Ina dhiaidh sin, bhí an leipreachán breá sásta bheith ina chónaí i dteach Bhilí Tremayne. Ba bhreá leis dul a mharcaíocht ar dhroim an chait, agus bheith ag déanamh na bhfolachán leis na páistí. Ach, ba chuma cad é a dhéanfadh siad, ní thiocfadh leis na páistí ainm an leipreacháin a thomhas.
Thaitin sé go mór leis bheith ag amharc ar bhean Bhilí Tremayne ag obair sa chistin. Bhíodh sé ag marcaíocht ar a scuab nuair a scuabadh sí an t-urlár, agus ag damhsa ar thábla na cistine. Ach, ba chuma cad é a dhéanfadh sí, ní thiocfadh le bean Bhilí Tremayne ainm an leipreacháin a thomhas. Ba bhreá leis suí ar leac na fuinneoige ag fanacht le Bilí Tremayne teacht chun an bhaile. Ba ghnách leis dul i bhfolach i mbuataisí móra Bhilí Tremayne, agus dhéanfadh sé damhsa i gcuideachta na bpáistí nuair a sheinneadh Bilí Tremayne an phíb.
Maidin amháin, trí lá i ndiaidh dó breith ar an leipreachán, tháinig roinnt cairde de chuid Bhilí Tremayne lena gcapaill, a chuidiú le Bilí a chuid aitinn a thabhairt anuas ón chnoc. Níor mhian le Bilí Tremayne go bhfeicfeadh a chairde an leipreachán.

"Seo daoibh roinnt bia," ar seisean leis na páistí. "Tugaigí an leipreachán isteach sa scioból agus ná tagaigí amach go dtí go n-imeoidh na fir."
Choimhéad na páistí agus an leipreachán amach trí scoilt sa doras. Chonaic siad na capaill ag filleadh faoi ualach de bhurlaí aitinn, agus chonaic siad Bilí Tremayne agus a chairde ag déanamh cruach aitinn. Nuair a bhí an chruach aitinn déanta acu, chuaigh na fir isteach sa teach don dinnéar. Láithreach, labhair an leipreachán leis na páistí,
"Anois," ar seisean, "beidh cluiche folachán againn thart timpeall chruach an aitinn. Osclaígí an doras!"
Agus d'oscail duine de na páistí an doras agus rith an leipreachán agus an ceathrar páistí amach as an scioból. Taobh le cruach an aitinn, chonaic siad fear beag agus éadaí leipreacháin air. Bhí an fear beag ag cuardach gach clúid agus cúinne. Chuala na páistí é á rá,
"Ó, a mhaicín bhig mhuirnigh, cá háit ar domhan a bhfuil tú?"
"Imígí libh!" arsa an leipreachán leis an cheathrar páistí. "Tá mo Dhaidí anseo anois agus caithfidh sibhse dul chun an bhaile."
Leis sin, tháinig bean bheag nach raibh a dhath níos mó

ná an leipreachán ná a Dhaidí. Thosaigh an bhean bheag a chuardach gach clúid agus cúinne. Chuala na páistí í á rá, "Ó, a mhaicín bhig mhuirnigh, cá háit ar domhan a bhfuil tú?"

Dhreap an fear beag agus an bhean bheag suas go barr chruach an aitinn. "Cá bhfuil ár mac beag muirneach?" ar siadsan. "Tá do Mhamaí agus do Dhaidí anseo fá do choinne. Cá bhfuil Scilidín s'againne?"

Láithreach bonn, scairt an ceathrar páistí, "Scilidín an t-ainm atá ort!"

Ach scairt Scilidín amach, "Seo chugaibh mé!" Agus i bhfaiteadh na súl, d'imigh an triúr leipreachán as radharc.

Nuair a fuair Bilí Tremayne amach cad é a tharla, labhair sé leis na páistí, "Nár dhúirt mé libh fanacht sa scioból?" ar seisean leo. "Ach d'oscail sibh an doras agus lig sibh don leipreachán éalú. Dá bhfanfadh sibh sa scioból, b'fhéidir go bhfaighimis próca óir. Anois, caithfidh sibh leipreachán eile a cheapadh."

Gach uile lá ina dhiaidh sin, chuardaigh na páistí na leipreacháin. Dhreap siad ar na carraigeacha, rith siad idir na toim aitinn agus léim siad thar an fhraoch. Ach leipreachán, ná cuid de leipreachán, ní fhaca siad riamh ina dhiaidh sin.

Leathanach bán

© CCEA 2022

Arna chéad fhoilsiú ag Bunscoil Phobal Feirste 1991

**COUNCIL** FOR THE **CURRICULUM, EXAMINATIONS** AND **ASSESSMENT**
29 Clarendon Road, Clarendon Dock, Belfast BT1 3BG
Tel: +44(0)28 9026 1200  Email: info@ccea.org.uk
Web: www.ccea.org.uk

*Rewarding Learning*